



Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications, Energy & Natural Resources

SCÉIM 2014 - 2017
FAOI ALT15 DE
ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

CLÁR

	Leathanach
Caibidil 1 – Réamhrá agus Cúlra	3
Próiseas Comhairliúcháin	3
Ábhar na Scéime Teanga	3
Dáta Tosaithe na Scéime	4
Forléargas ar an Roinn	4
Na Seirbhísí a Chuirimid ar Fáil	6
Limistéir Feidhme na Roinne	6
Ár gCustaiméirí	6
Oifigí na Roinne	7
Measúnú ar an réimse seirbhísí atá ar fáil cheana féin trí Ghaeilge	7
Caibidil 2 - Modhanna Cumarsáide leis an Phobal	
Modhanna scríofa cumarsáide lena n-áirítear cumarsáide leictreonach	8
Modhanna Cumarsáide Idirphearsanta	12
Caibidil 3 - Feabhsú na seirbhísí a chuirtear ar fáil go dátheangach	
Seirbhísí nach bhfuil ar fáil i nGaeilge	14
Tiomantais Ghinearálta i leith forbairt na seirbhíse Gaeilge	14
Oiliúint agus Forbairt	14
Earcaíocht agus Socrúchán	15
Acmhainní Teanga	16
Seirbhísí Aistriúcháin	16
Féiniúlacht Chorparáideach	16
Tríú Páirtithe	16
Caibidil 4 – Monatóireacht agus Athbhreithniú	17
Caibidil 5 – Poiblíocht don Scéim Chomhaontaithe	18
Aguisín – Suíomh oifigí na Roinne	19

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

Cuireadh tús leis an gcéad scéim teanga sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha i mí Dheireadh Fómhair 2006. Ullmhaíodh an dara scéim teanga seo faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("An tAcht") sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha. Déantar soláthar in Alt 11 – le go n-ullmhódh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonrú na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil -

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon,

agus na bearta a bheartófar chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an chomhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.

In Alt 12 den Acht déantar soláthar d'ullmhú treoirlínte ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus iad a eisiúint chuig comhlachtaí poiblí i ndáil le hullmhú dréacht-Scéimeanna. Dréachtadh an Scéim seo i gcomhréir leis na treoirlínte agus tá sé ag brath ar gach tiomantas in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. I gcás nach mbíonn tiomantas na scéimeanna roimhe seo curtha i bhfeidhm go hiomlán fós, pléifear an t-ábhar le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Próiseas Comhairliúcháin

D'fhoilsigh an Roinn fógra faoi Alt 13 den Acht san Irish Times ag lorg aighneachtaí maidir le hullmhú na dréachtscéime ó pháirtithe leasmhara ar bith. Ní bhfuarthas aon aighneacht.

Tá an scéim bunaithe ar ár dtaithí leis an gcéad scéim agus ar na moltaí a chuir lucht foirne i Rannóga éagsúla na Roinne chun cinn.

Ábhar na Scéime Teanga

Tá sé de chuspóir ag an dara Scéim seo tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh ó 2006 sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha, mar a bhí, i soláthar seirbhísí d'ardchaighdeán dár gcustaiméirí a labhraíonn Gaeilge agus an réimse seirbhísí atá ar fáil go dátheangach a leathnú amach thar saolré na scéime.

Déantar tiomantas sa scéim chomh maith le measúnú leanúnach a dhéanamh ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus le cinntiú go mbeidh an Roinn ag freastal ar an éileamh seo ar bhealach pleanáilte, soiléir agus inrochtana. Beidh an leibhéal éilimh ar ár sheirbhísí i nGaeilge á mheas go leanúnach ag an Roinn trí iniúchadh rialta tráthúla a dhéanamh le córas comhairimh agus tomhais agus leibhéal na bhfiosruithe agus na n-iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge le linn tréimhse áirithe a thomhas.

Beidh an Scéim nua tógtha chomh maith ar phrionsabail Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus déanfar cinnte go bhfreastalófar ar dhaoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Ní mór dúinn comhthéacs na huair sa tseirbhís phoiblí a chur san áireamh áfach, agus d'fhéadfadh na srianta atá ar acmhainní agus ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí agus staid an airgeadais phoiblí faoi láthair cur isteach ar an méid dul chun cinn is féidir a bhaint amach.

Cuireadh an scéim i gcrích tar éis comhairliúchán leitheadach a dhéanamh leis an bhfoireann uile sa Roinn agus leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh bainistíocht shinsearach na Roinne freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na scéime. Is mór ag an Roinn an t-am agus an dúthracht atá tugtha ag gach duine a bhí rannpháirteach sa phróiseas seo.

Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta mar oidhre ar an scéim roimhe. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ón 05 Márta 2014 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Roinn de bhun Alt 15 den Acht, cibé is déanaí.

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha: Forléargas

Misean agus Feidhmeanna

Misean na Roinne, mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2011 - 2014 :

“Infrastruchtúr cumarsáide agus fuinnimh a chur chun cinn, mar aon le margáí a chuidíonn leis an bhforbairt ar gheilleagar inbhuanaithe, forbairt na n-earnálacha craoltóireachta poiblí agus príobháideacha a chur chun cinn, leas a bhaint as ár n-acmhainní nádúrtha ar bhealach táirgiúil agus le meas ar an timpeallacht agus oibriú mar Roinn ar an mbealach is táirgiúla is féidir.”

Tá sé d'aidhm ag ár Ráiteas Misin cuspóirí polasaí na Roinne a chuimsiú atá curtha ar fáil go díreach nó trí chomhlachtaí Stáit agus gníomhaíochtaí bainteacha. Is féidir ár bpríomhdhualgais i réimsí na cumarsáide, fuinnimh, mara agus acmhainní nádúrtha a achoimriú mar seo a leanas:

Cumarsáid

Cuidiú le fás inmharthanach eacnamaíoch, le jabanna, iomaíocht agus cuimsiúsóisialta trí: infheistíocht thráthúil a éascú agus a chur chun cinn sna gréasáin don Chéad Ghlúin Eile Den Leathanbhanda; breis úsáide á bhaint as an idirlíon ag saoránaigh agus lucht gnó; agus ag tacú le cruthú fostaíochta, le forbairt gnó agus nuálaíocht, go háirithe in earnáil na meán digiteach.

Craolachán

Earnáil bhríomhar chraoltóireachta a chur chun cinn, mar aon le luach ar airgead agus aschur ardchaighdeán ó na Cuideachtaí Craolacháin Stáit, earnáil láidir

phríobháideach ar ardchaighdeán craoltóireachta, forbairt ar bheartas meáin i gcoitinne agus a chinntiú go bhfuil creat cuí rialála ar bun chun iad sin a bhaint amach.

Postas

Seirbhísí postais ardchaighdeáin ar phraghas iomaíoch a chinntiú do chustaiméirí na hÉireann, lucht gnó agus lucht cónaithe araon, ar chomhchéim leis na caighdeáin is airde atá le fáil i ngeilleagair chomhionanna san AE.

Fuinneamh

Slándáil, leanúnachas agus iomaíochas an tsoláthair fuinnimh a chinntiú don gheilleagar agus do na tomhaltóirí, mar aon le hinbhuanaitheacht an tsoláthair agus an éilimh fuinnimh a chur chun cinn.

Acmhainní Nádúrtha

Bainistiú a dhéanamh ar ár n-iascaigh intíre, mianraí, hidreacarbón agus acmhainní geolaíocha eile ar bhealach inmharthanach agus táirgiúil.

Bainistíocht Chorporáideach

Cultúr a chur chun cinn ina mbeidh luach ar airgead agus meastóireacht leanúnach ar ár bhfeidhmíocht ar bhealach intomhaiste, soiléir agus freagrach. Ár bhfoireann a fhorbairt agus clár athchóirithe na seirbhíse poiblí a chur i gcrích fad a bheidh seirbhís ardchaighdeáin á thabhairt againn dár gcustaiméirí agus dár ngeallshealbhóirí.

Is iad na feidhmeanna a chuirimid amach maidir leis na freagrachtaí seo ná forbairt agus athbhreithniú polasaí, forbairt rannógach, rialachán, bainistíocht acmhainní poiblí agus rialachas corparáideach.

Na Seirbhísí a Chuirimid ar Fáil

I measc na hoibre a dhéanaimid tá réimse suntasach seirbhísí a sholáthraimid go díreach don phobal. Áirítear ina measc:

- Ceadúnú agus léasú faoi na hAchtanna Forbartha Mianraí 1940-1999 agus na hAchtanna um Fhorbairt Pheitriiliaim agus Mianraí Eile 1960 - 1995;
- Mapaí, tuairiscí agus bunachair shonraí a chuireann síos ar gheolaíocht ar an gcladach/ ar muir agus tírdhreacha na hÉireann, le cois an bhainistíocht éifeachtach dá hacmhainní uisce agus nádúrtha.

Tá a thuilleadh sonraí de sheirbhísí na Roinne ar fáil sa lámhleabhar a fhoilsímid de réir Ailt 15 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 (is féidir rochtain a fháil air seo ó láithreán Gréasáin na Roinne: www.dcenr.gov.ie).

Réimsí Feidhme na Roinne

Tá trí réimse feidhme earnálacha ag an Roinn agus réimse tacaíochta corparáideach amháin. Is iad seo:

- Cumarsáid
- Fuinneamh
- Acmhainní Nádurtha
- Seirbhísí Corparáideacha

Tá gach réimse feidhme roinnte i líon rannán nó aonaid gnó agus tá Ceann na Feidhme i gceannas ar gach aon cheann. Tá triúr Rúnaí Cúnta sa Roinn agus in éindí leis an Leas-Rúnaí Ginearálta agus an Rúnaí Ginearálta, is baill iad seo den Choiste Bainistíochta.

Ár gCustaiméirí

Léiríonn bunús custaiméara na Roinne an réimse leathan rannóga agus gníomhaíochta faoinár sainchúram. I measc ár gcustaiméirí tá an tAire agus an tAire Stáit, baill eile den Oireachtas, ionadaithe poiblí áitiúla, baill aonair den phobal, na comhlachtaí poiblí atá faoinár gcoimirce, ionadaíochta rannpháirteach sna hearnálacha a bhfuil muid freagrach astu, daoine aonair agus comhlachtaí a bhfuil caidreamh díreach gnó againn leo, Ranna Rialtais eile agus comhlachtaí poiblí, an tAontas Eorpach, eagraíochtaí idirnáisiúnta, na meáin, agus grúpaí deonacha a thagann i dteagmháil leis an Roinn de bharr a gcuid suimeanna agus ábhair inní.

Oifigí na Roinne

Tá ardoifig na Roinne lonnaithe i 29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath². Tá oifigí againn chomh maith i dTor an Bhacaigh i mBaile Átha Cliath agus i mbaile an Chabháin. Tá liosta d'ár seoltaí ar fáil i n Aguisín A.

Measúnú ar an réimse seirbhísí atá ar fáil cheana féin trí Ghaeilge

Is é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chinntiú go bhfuil fáil ar níos mó seirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus iad de chaighdeán níos airde.

Soláthraíonn an Roinn líon teoranta seirbhísí go dátheangach.

- Tá foilseacháin chorparáideacha na Roinne - Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil agus Plean Gníomhaíochta Seirbhísí agus Cairt do Chustaiméirí -

ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Cuireadh líon teoranta foilseachán ar fáil chomh maith i nGaeilge agus i mBéarla.

- Tá sé de bheartas ag an Roinn faoi láthair an chuid is mó dá fhógraí preas a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla agus tá stáiseanóireacht shainchlóite na Roinne agus príomhchomharthaíocht na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla.
- Freagraítear gach comhfhreagras i nGaeilge agus déantar gach iarracht freastal ar chustaiméirí a chuireann glaoch ar an Roinn nó a thugann cuairt uirthi agus ar mhaith leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge, gan cur isteach ar luas ná ar chaighdeán na seirbhíse a sholáthraítear.

Tá forálacha na Rialachán a rinneadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla á gcur i bhfeidhm de réir a chéile mar is gá.

Caibidil 2: Bealaí Cumarsáide leis an Phobal

Déanann an Roinn cumarsáid leis an bpobal:

- (1) trí mhodhanna scríofa lena n-áirítear cumarsáid leictreonach; agus
- (2) modhanna idirphearsanta.

Modhanna scríofa cumarsáide lena n-áirítear cumarsáide leictreonach

Tugtar forléargas ar na modhanna éagsúla scríofa cumarsáide, agus ar na tiomantais a dhéanfaidh an Roinn maidir le beartas seirbhísí trí Ghaeilge sa tábla seo a leanas.

Modh Cumarsáide	Tiomantas Seachadta do Sheirbhísí trí Ghaeilge
Foilseacháin Chorporáideacha, lena n-áirítear Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil, Plean Gníomhaíochta Seirbhísí do Chustaiméirí, Cairt Seirbhísí do Chustaiméirí, Cárta Tuairimí do Chustaiméirí	Éilítear in Alt 10 den Acht go bhfoilseofaí doiciméad ina leagtar beartais amach beartais i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna, lena n-áirítear an Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil, Cuntais Iniúchta nó Ráitis Airgeadais. Cuirfear gach foilseachán corparáideach eile ar fáil i bhformáid dhátheangach.
Treoirínnte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais a bhaineann le scéimeanna/cláracha/proiséas aonair.	Cuirfear na treoirínnte go léir, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ginte ag an Roinn maidir le scéimeanna, cláracha nó próiséas agus a dtagaítear dóibh i Lámhleabhair na Roinne maidir le hAilt 15 agus 16 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, ar fáil i bhformáid dhátheangach
Foilseacháin Roinne ar ráitis mhóra beartais nó athbhreithnithe sna hearnálacha cumarsáide, fuinnimh agus acmhainní nádúrtha.	Beidh na foilseacháin seo ar fáil go ginearálta go dátheangach. Má mheastar go bhfuil costas an fhoilseacháin dhátheangaigh ró-ard in aon chás amháin mar gheall ar mhéid an doiciméid, is féidir leis an Roinn rogha a dhéanamh an achoimre feidhmeach agus na moltaí a fhoilsiú i bhformáid dhátheangach.
Foilseacháin ginte ag comhlachtaí eile ach ar fáil ón Roinn.	Cuirfear na foilseacháin seo ar fáil sa teanga inar foilsíodh iad ag an Roinn nó ag an gcomhlacht atá á ndéanamh
Preas-Eisiúintí	Cuirfear eisiúintí preas na Roinne, seachas óráidí a eisíodh nó a ceanglaíodh le heisiúintí preas, ar fáil go dátheangach ar láithreán Gréasáin na Roinne agus i gcóip chrua. (Beidh aguisíní ceangailte le heisiúintí preas e.g. liostaí d'oibreacha calafoirt feabhsaithe chun deontais a fháil, na sonraí go léir de cheapacháin an Bhoird, etc., ar fáil in aon teanga oifigiúil amháin).

Teachtaireachtaí ríomhaireachta ríomhthairfeadta.	Beidh an séanadh caighdeánach ar chumarsáidí ríomhphoist dátheangach. Féadfaidh baill foirne aonair rogha a dhéanamh an chuid sin nach ngineann córas na teachtaireachtaí ríomhphoist "as an oifig" a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla nó sa dá theanga
Óráidí	Cuirfear óráidí ar fáil sa teanga ina ndéantar iad.
Iarratais ar Aighneachtaí.	Déanfar iarratais ar Aighneachtaí i mBéarla amháin, sin mura mbaineann an tairiscint féin leis an nGaeilge.
Freagraí ar iarratais Saorála Faisnéise	Is é an cleachtas sa Roinn ná go bhfoilseofar freagraí ar iarratais Saorála Faisnéise (seachas iarratais ar eolas pearsanta) ar láithreán Gréasáin na Roinne sa teanga ina ndearnadh an t-iarratas agus leanfar leis an gcleachtas seo.
Suíomh Gréasáin:	Tá suímh ghréasáin comhthreomhara forbartha ag an Roinn i mBéarla agus i nGaeilge maidir le hábhar ginearálta na Roinne agus a cuid seirbhísí. Tá ábhar áirithe, mar a shonraítear thuas, m.sh. óráidí, foilseacháin ginte ag Ranna/ comhlachtaí eile agus aon ábhar nach bhfuil sé ar intinn ag an Roinn a fhoilsiú go dátheangach ar fáil i mBéarla amháin ar an láithreán Gréasáin.
Ionstraimí Reachtúla	Bíonn an Roinn freagrach as líon áirithe Ionstraimí Reachtúla (IR) gach bliain. Bíonn cuid de na IR a dhéanann an Roinn (an margadh inmheánach i ngás nádúrtha, leictreacha, srl) teicniúil agus an-mhór. Beidh eolas faoi na riachtanais cruthaithe ag a leithéid d'ionstraimí curtha in iúl don phobal trí úsáid a bhaint as fógraí sna meáin a bheidh ar fáil sa dá theanga. I bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dúinn agus na limistéir eile a d'aithin muid mar thosaíochtaí níos mó d'fheabhsú caighdeáin ár seirbhísí do chustaiméirí sa Ghaeilge, ní tosaíocht don scéim é aistriúchán a dhéanamh ar gach Ionstraimí Reachtúla dá leithéid. Beidh Ionstraimí Reachtúla eile (rialacháin íocaíocht in áit fíneála, rialacháin táillí ceadúnais, srl) ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla leis an aistriúchán Gaeilge de na hionstraimí a chuirtear ar fáil i mBéarla taobh istigh de ceithre seachtaine d'fhoilsiú an Ionstraim bhunaidh.
Logainmneacha Gaeltachta	Tá na socrúcháin riachtanacha curtha in áit ag an Roinn le cinntiú go n-úsáidfear logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta mar atá fógraithe ag an Aire in Ordú na Logainmneacha Gaeltachta 2005 mar réamhshocrú do chuspóirí coparáideacha, lena n-áirítear, mar is cuí, cuspóirí reachtúla,

	<p>corparáideacha agus staidrimh.</p>
Foilseacháin Eile.	<p>Beidh Tuarascálacha Athbhreithnithe Caiteachais, Tuarascálacha ar an Dul Chun Cinn faoin bPlean Náisiúnta Forbartha, Pleananna Gníomhaíochtaí agus Tuarascálacha faoi Chláir an Rialtais, Tuarascálacha ó Shainchomhairleoirí, doiciméid dírithe ar lucht léite áirithe taobh amuigh den Stát agus doiciméid d'úsáid inmheánach na Roinne m.sh. beartais acmhainní daonna, pleananna oiliúna agus forbartha, i mBéarla amháin don chuid is mó.</p> <p>Níl sé i gceist leaganacha dátheangacha de dhoiciméid le nádúr teicniúil a fhoilsiú go dátheangach sin nó más beag a scaipeadh.</p> <p>Déanfar aon fhoilseachán eile nach bhfuil liostaithe thuas agus a bhfuil tagairt dó in aon chatagóir eile a mheas lena fhoilsiú go dátheangach, ar bhonn cás go cás agus le haird ar leith ar dhoiciméid a mbeadh spéis ag an bpobal iontu, nádúr an doiciméid, agus méid agus leagan amach an ábhair.</p>
Gníomhaíochta agus Foilseacháin Suibhéireacht Gheolaíoch na hÉireann (GSI)	<p>Is é SUIRBHÉIREACHT GHEOLAÍOCHTA ÉIREANN), a bunaíodh in 1845, an Ghníomhaireacht Domhan-Eolaíochta Náisiúnta. Tá sé freagrach as comhairle agus faisnéis gheolaíoch a sholáthar, agus sonraí a bhailiú ar son an chuspóra seo. Tá réimse táirgí á dtáirgeadh ag SGÉ lena n-áirítear léarscáileanna, tuarascálacha, agus bunachair sonraí agus feidhmíonn sé mar ionad eolais agus mar chomhpháirtí tionscadail i ngach gné de gheolaíocht na hÉireann. Is rannóg é de chuid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus tá timpeall 50 ball foirne ildisciplíneacha aige.</p> <p>Bíonn an ghníomhaireacht seo i dteagmháil leis an phobal i gcoitinn trína Cláir Fhor-Rochtana Oideachasúla agus san obair suirbhéireachta geolaíoch a dhéanann sé ar fud na tíre. Le linn saolré na scéime seo cuirfear na nithe seo a leanas i gcrích:</p> <p>Leaganacha Gaeilge de na foilseacháin seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Leabhrán Eolais S.G.É 2012 - Cáipéis "Cód Oibre na Foirne" an S.G.É - Cáipéis "Gairmeacha sa Gheolaíocht" an S.G.É. - Cáipéis "Luach na Seirbhísí Geolaíochta" - Póstaer "An Aeráid agus an tAm" - "Geoscoil", clár do scoileanna (5 phóstaer, pacáiste bileoga gníomhaíochta, agus leabhrán)

	<ul style="list-style-type: none"> - suíomh gréasáin 'Geoscoil' - leabhrán "An Gheolaíocht ó Bhun go Barr" - leabhrán "Scríofa i gCloch" - Is féidir foilseachán eile a chur in áit aon cheann díobh seo thuas má mheastar é a bheith cuí. Tá sé beartaithe ag an Roinn na leabhráin/cláir thuas a sheoladh ag imeacht a eagróidh an Roinn gach bliain le linn cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge. Bainfidh an córas oideachais leas as an obair thuas agus tá sé ar intinn againn a bheith i dteagmháil leis An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus an t-ábhar seo á ullmhú againn.
--	---

Áit a bhfuil tiomantais déanta ag an Roinn maidir le forbairt mheáin chumarsáide dhátheangacha scríofa, cumarsáid leictreonach san áireamh, cuirfear an méid seo a leanas i bhfeidhm

- Ní bheidh éifeacht chúlghabhálach ar na tiomantais dhátheangacha thuas go ginearálta;
- Táirgeofar gach meán cumarsáide scríofa i bhformáid dhátheangach ag an am a tháirgítear iad nó a nuashonraítear iad. Ach déanfaidh an Roinn treoir línte, bileoga agus foirmeacha iarratais maidir le scéimeanna leanúnacha, cláracha agus próiseas, mar atá leagtha amach ag Lámhleabhair na Roinne ar Shaoráil Faisnéise Alt 15 agus 16, a fhoilsiú i bhformáid dhátheangach;
- Le linn a bheith ag foilsiú i gcóip chrua, déanfaidh an Roinn gach iarracht a chinntiú go bhfuil foilseacháin dhátheangacha táirgthe faoi aon chlúdach amháin seachas mar fhoilseacháin ar leith. Má chuireann fad an fhoilseacháin dhátheangaigh isteach ar a éifeacht, áfach, soláthrófar leaganacha Gaeilge agus Béarla. Beidh ráiteas i ngach leagan go bhfuil sé ar fáil sa teanga eile. Ní bhaineann an tiomantas seo le foilseacháin ar an suíomh Gréasáin ná d'Ionstraimí Reachtúla a fhoilseofar ina n-aonar.
- Déanfar tuilleadh forbartha ar shuíomh gréasáin dhátheangach na Roinne thar tréimhse na scéime. Go ginearálta, ní bheidh na foilseacháin Gaeilge/Béarla á ndéanamh go comhuaineach ach de réir mar a éilítear san Acht nó sa scéim.

Bealaí Cumarsáide Idirphearsanta

Tugtar forléargas ar na modhanna éagsúla scríofa cumarsáide, agus ar na tiomantais a dhéanfaidh an Roinn go leanúnach maidir le beartas seirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt, sa tábla seo a leanas.

Modh Cumarsáide	Tiomantas Seachadta do Sheirbhísí trí Ghaeilge
Seirbhís Teileafóin/Lasc-chláir	<p>Tá na príomhfhógraí neamhchórais réamhthairfeadta, .i. na fógraí réamhthairfeadta a chuirtear in oifigí na Roinne nuair a bhíonn siad dúnta nó nuair a bhíonn an t-oibritheoir lasc-chláir gnóthach) i bhformáid dhátheangach.</p> <p>Freagróidh oibritheoir an lasc-chláir an teileafón trí thagairt d'ainm na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla.</p> <p>Sóláthrófar foireann an lasc-chláir le liosta de bhaill foirne na Roinne i ngach aon rannóg nó aonad ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.</p> <p>Féadfaidh baill foirne aonair rogha a dhéanamh a dteachtaireachtaí glórphoist a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla nó sa dá theanga</p>
Áiseanna ag an Deasc Fáilte	<p>Sóláthrófar foireann an deasc fáilte le liosta de bhaill foirne na Roinne i ngach aon rannóg nó aonad ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.</p>
Teagmháil duine le duine ar an teileafón nó go pearsanta.	<p>Chun seirbhísí idirphearsanta a sholáthar trí Ghaeilge, ar an teileafón nó i bpearsan, tá an dualgas foriomlán a bhaineann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla tugtha ag an Roinn d'Oifigeach Gaeilge.</p> <p>Beidh sé de ról ag an Oifigeach Gaeilge maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta agus na Scéime sa Roinn.</p> <p>Tabharfaidh baill foirne ar fud na Roinne a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu faoi láthair cúnaimh don Oifigeach Gaeilge.</p> <p>Aithneofar foireann le cumas chun seirbhísí Gaeilge idirphearsanta a sholáthar (má aontaíonn siad) i mbealach cuí ar liostaí teileafóin, ag an deasc fáilte agus ar an gcairt eagraíochta agus cuirfear a seoladh ríomhphoist san áireamh faoi áiteanna cuí ar an suíomh Gréasáin.</p>
Beartas do Chruinnithe Poiblí.	<p>Is i mBéarla amháin a bhíonn formhór na gcruinnithe poiblí ag an Roinn. De réir mar a bheidh gá leis áfach, soláthróidh an Roinn foireann le cumas sa Ghaeilge do chruinnithe i gceantracha Gaeltachta nó le déileáil le saincheisteanna Gaeilge.</p>
Córais Ríomhaireachta	<p>Beidh forbairt ar na seirbhísí nua idirghníomhacha ar líne comhoiriúnach leis an nGaeilge, ag cur san áireamh</p>

	sofhaighteacht bhogearraí Gaeilge ón sólatháraí bogearraí cuí.
Seirbhís do na Ceantair Ghaeltachta	Glacann an Roinn leis, seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge do bhaill an phobail sna ceantracha Gaeltachta thar thréimhse na scéime seo.
Oifigí sa Ghaeltacht	Níl aon oifig againn sa Ghaeltacht faoi láthair. Ach má athraíonn cúinsí amach anseo tá an Roinn tiomanta d'úsáid na Gaeilge in oifigí mar seo, de réir an amlíne atá imlínithe inár gcéad scéim.

Caibidil 3: Feabhsú na seirbhísí a chuirtear ar fáil go dátheangach

Seirbhísí nach bhfuil ar fáil i nGaeilge

Beidh an Roinn ag díriú go leanúnach ar an réimse modhanna cumarsáide scríofa agus leictreonacha atá ar fáil go dátheangach a bhreisiú agus ar inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt i measc lucht foirne ar mhaithe le seachadadh seirbhísí idirphearsanta trí Ghaeilge a éascú. Ciallaíonn sé seo go praiticiúil, cé go bhfuil an Roinn in ann faisnéis ghinearálta faoin Roinn agus a cuid seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, nach mbeidh an Roinn i gcónaí in ann seirbhís mhionsonraithe nó gnó clár-shonraithe a dhéanamh trí Ghaeilge.

Tiomantais Ghinearálta i leith forbairt na seirbhíse Gaeilge

Tá an Roinn tiomanta i gcónaí do scileanna Gaeilge a fhorbairt i ngach réimse den Roinn d'fhonn forbairt chéimiúil a dhéanamh ar sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí trí Ghaeilge de réir an éilimh a bhíonn ar an tseirbhís sin.

Tá inniúlacht na seirbhíse Gaeilge, idir scríofa agus idirphearsanta, measartha íseal sa Roinn faoi láthair, áfach. Cé go bhfuil soláthar na gcumarsáidí scríofa i bhformáid dhátheangach ag brath ar chostas agus am, tá forbairt na scileanna teanga Gaeilge don fhoireann chun cuidiú le seachadadh seirbhísí idirphearsanta i bhfad níos deacra. Tá iniúchadh déanta ag an Roinn cheana féin ar scileanna Gaeilge timpeall na Roinne agus tá sí in ann leibhéal seirbhísí Gaeilge idirphearsanta a sholáthar bunaithe ar an tsofhaighteacht reatha scileanna sa Ghaeilge. Tógfaidh sé i bhfad níos mó ama agus iarracht áfach chun an príomhghrúpa beag foirne leis an gcumas agus féinmhuinín sa Ghaeilge a mhéadú chun seirbhísí sa Ghaeilge a sheachadadh ag leibhéal idirphearsanta. Beidh tionchar freisin ag an éileamh iarmhír a dhéantar ar na seirbhísí seo ar an gcaoi gur féidir seirbhísí idirphearsanta a fhorbairt.

Nuair a thuigtear gur féidir le foireann nó rannóga déileáil le custaiméirí trí Ghaeilge ar leibhéal idirphearsanta, déanfaidh an tOifigeach Gaeilge forbairt ar shofhaighteacht na seirbhíse Gaeilge ar liostaí, le comhaontú ón bhfoireann, de shonraí teagmhála ar an liosta teileafóin, cairt eagraíochta agus láithreán Gréasáin do chustaiméirí. Beidh éifeacht sa mbreis aige seo ar fhéinmhuinín sa phobal faoi shofhaighteacht seirbhíse custaiméara ardchaighdeán a sholáthar i nGaeilge agus músclófar an t-éileamh folaigh ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

Oiliúint agus Forbairt

Déanfaidh an tAonad Forbartha Foirne agus an tOifigeach Gaeilge an méid seo:

- Cúrsaí traenála Gaeilge cuí a chur ar fáil don fhoireann ar fad, ina measc, taobh istigh d'uaireanta oibre, chun tinreamh a uasmhéadú chomh maith leis an bhaint atá aige le hobair na Roinne;
- An scéim aisíoc ar tháillí a chur chun cinn chun oiliúint sa Ghaeilge a spreagadh;
- Comhairle a sholáthar don fhoireann ar an réimse ardchaighdeáin ranganna Gaeilge ar fáil taobh amuigh d'uaireanta oifige m.sh. Dioplóma tríú leibhéal sa Ghaeilge; Gael-Linn, Gaelchultúr *srl.*);
- Feasacht teanga a chur san áireamh mar chuid d'ionduchtú agus cúrsaí traenála ar Sheirbhísí do Chustaiméirí le cinntiú
 - go dtuigeann an fhoireann cén fáth go bhfuil beartas seirbhísí Gaeilge ag an Roinn
 - comhthéacs agus cúlra an bheartais a thuiscint
 - go bhfuil siad lán-eolasach faoin tionchar a bheidh aige ar a gcuid oibre
- Measúnú a dhéanamh ar gach cúrsa, cúrsaí Gaeilge san áireamh agus cúrsaí curtha ar fáil trí Ghaeilge, ar bhun rialta le deimhniú cé chomh héifeachtúil is atá siad le spriocanna na Roinne a bhaint amach
- Liosta de Cheisteanna Coitianta i bhformáid dháttheangach a sholáthar i gcomhar le gach aon rannán nó aonad chun cuidiú le foireann atá ag déileáil le fiosruithe idirphearsanta trí Ghaeilge ag leibhéal an rannáin agus an aonaid agus iad seo a chur ar fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne;
- Leanúint ar aghaidh le saorálaithe a lorg chun seirbhísí Gaeilge timpeall na Roinne a chur ar fáil de réir mar a fhorbraíonn cumas na Roinne sa Ghaeilge. Aithneofar foireann le cumas chun seirbhísí Gaeilge idirphearsanta a sholáthar (má aontaíonn siad) i mbealach cuí ar liostaí teileafóin, ag an deasc fáilte agus ar an gcairt eagraíochta agus cuirfear a seoladh ríomhphoist san áireamh faoi ranna cuí ar an suíomh Gréasáin.
- Socruithe a chur in áit chun ceiliúradh cuí a dhéanamh ar imeacht bhliantúil na Roinne do 'Sheachtain na Gaeilge'
- Deiseanna a fhiosrú chun forbairt scileanna Gaeilge na foirne a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí neamhfhoirmeálta.

Earcaíocht agus Socrúchán

Beidh na socruithe seo a leanas á gcur i bhfeidhm, thar thréimhse na scéime, le cinntiú go n-earcaítear líon sásúil foirne le cumas sa Ghaeilge agus go gcoinnítear iad taobh istigh den Roinn ar mhaithe le cloí le forálacha an Achta: Ní mór a thabhairt faoi deara go bhféadfadh athruithe airgeadais agus soláthar foirne cur isteach ar sheachadadh na dtiomantas seo sa todhcháí, agus nach bhfuil smacht ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha orthu seo.

- Mar chuid dá bheartas earcaíochta, fógróidh an Roinn, in éindí leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, comórtais don fhoireann chun obair trí Ghaeilge (go háirithe sa Ghaeltacht agus/nó ag freastal ar phobail Ghaeltachta), nuair nach bhfuil daoine cuí ar fáil go ginearálta trí leibhéal ginearálta comórtais.
- Cuirfidh an Roinn socrúchán cuí don fhoireann lena leithéid de chumas curtha i bhfeidhm, go háirithe sna hoifigí Gaeltachta, nó in oifigí a fhreastalóidh ar cheantair Gaeltachta.

Acmhainní Teanga

Beidh rochtain éasca ag an bhfoireann ar fad i gcónaí ar eolas agus acmhainní teanga, m.sh. foclóirí, cóip chrua agus i bhformáid leictreonach araon.

Seirbhísí Aistriúcháin

Cuirfidh an Roinn liosta de na comhlachtaí agus indibhidiúil go léir a sholáthraíonn seirbhísí aistriúcháin ar fáil don bhfoireann. Beidh seirbhísí tacaíochta theicneolaíocht faisnéise, ar nós bogearra litreora, ar fáil taobh istigh den Roinn.

Smaoineoidh an Roinn, i ndiaidh monatóireacht a dhéanamh ar éileamh seirbhísí trí Ghaeilge, ar aistriitheoir a earcú chun seirbhísí aistriúcháin intí a sholáthar.

Féiniúlacht Chorparáideach

Leanfar ar aghaidh le formáid dhátteangach na Roinne maidir le stáiseanóireacht, cuir i gcás, ceann litreacha agus duillíní dea-mhéine. Tá an cuireadh seo ar stáiseanóireacht na Roinne:

Fáiltítear roimh chomhfhreagrás as Gaeilge.

Tríú Páirtithe

Cuirfear tríú páirtithe a dhéanann obair ar son na Roinne, ar an eolas faoin scéime de réir mar is cuí agus spreagfar iad chun spiorad na scéime a léiriú sna seirbhísí a chuireann siad ar fáil.

Caibidil 4: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Soláthróidh an tOifigeach Gaeilge tacaíocht agus cúnamh do na limistéir go léir sa Roinn faoi thiomantais na scéime agus beidh freagracht iomlán aici/aige maidir le maoirsiú ar chur i bhfeidhm an Achta agus na Scéime sa Roinn.

Beidh na Cinn Feidhmiúcháin i mbun monatóireacht agus feidhmiú laethúil na scéime maidir leis na Ranna a bhfuil siad féin freagrach astu. Déanfaidh an tOifigeach Gaeilge monatóireacht rialta ar bhun rialta ar sholáthar agus éileamh na seirbhísí Gaeilge thar na limistéir go léir sa Roinn.

Déanfaidh an tOifigeach Gaeilge tuairisciú ar dhul chun cinn don Choiste Comhpháirtíochta Lárnach agus don Choiste Bainistíochta gach sé mhí. Cuirfear dul chun cinn ar scéim na Roinne san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne.

Caibidil 5: Poiblíocht don Scéim Chomhaontaithe

Déanfar poiblíocht ar ábhar na scéime seo ar na modhanna seo a leanas:

- Dáileachán inmheánach sa Roinn
- Preas-Eisiúint
- Seoladh oifigiúil na scéime
- Fógra poiblí faoi infhaighteacht na scéime
- Scaipeadh ar chomhlachtaí cuí agus
- Foilsiú na scéime ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Glacfaidh an Roinn gach deis inár n-idirghníomhaíocht laethúil lenár gcustaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhógairt ar na bealaí seo a leanas:

- a chur in iúl go honnghníomhach do chustaiméirí go bhfuil an rogha acu plé linn trí Ghaeilge, trí fhógraí a thaispeáint i limistéir fháiltithe faoi sheirbhísí a bheith ar fáil i nGaeilge;
- na seirbhísí seo a liostáil go follasach ar ár suíomh gréasáin;
- a chur in iúl ar threoirínte, ar bhileoga agus ar fhoirmeacha iarratais go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge, mura gcuirtear ar fáil go dátheangach iad;
- an suntasacht chéanna a thabhairt d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Tá cóip den scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla an bunleagan den scéim seo.

AGUISÍN A

LÁTHAIR OIFIGÍ NA ROINNE

Tá ardoifig na Roinne lonnaithe faoi láthair i 29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01-6782000; Uimhir Íosghlao: 1890 44 99 00. Tá oifigí ag an Roinn sna láithreacha seo a leanas chomh maith:

- Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Tor an Bhacaigh, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.
- Seirbhísí Corparáideacha, Teach Leamháin, Bóthar Ghleann an Iarla, An Cabhán, Co. an Chabháin.